



An Bhruiséil, 23 Márta 2026  
(OR. en)

7330/26

**AGRILEG 50**  
**VETER 34**  
**DELECT 52**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

---

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i ndáil le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú - Rún gan agóid a dhéanamh

---

1. An 12 Feabhra 2026, chuir an Coimisiún an gníomh tarmligthe seo a leanas faoi bhráid na Comhairle i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 290 CFAE agus le hAirteagail 55(2), 63 agus 64(4), Airteagal 67 agus Airteagal 68(3) de Rialachán (AE) 2016/429 ('an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe'):
  - RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear agus lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha i ndáil le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (C(2026) 0766 final).<sup>1</sup>
2. Le linn an chomhairliúcháin tosta a seoladh tar éis an gníomh tarmligthe thuas a fháil, rinne toscaireacht amháin agóid<sup>2</sup>.

---

<sup>1</sup> 6330/26 + ADD 1.

<sup>2</sup> WK 4265/2026.

3. Dá bhrí sin, d'eagraigh an Uachtaránacht cruinniú de Chomhairleoirí/Attachés (Talmhaíocht – Ainmhithe agus Ceisteanna Tréidliachta) an 23 Márta 2026 chun scrúdú a dhéanamh ar an ngníomh tarmligthe. Ag an gcruinniú sin, thug an Uachtaránacht dá haire nach raibh tromlach cáilithe i bhfabhar agóid a dhéanamh i gcoinne an ghnímh sin.
  4. Iarrtar, dá bhrí sin, go molfadh Coreper go ndearbhóidh an Chomhairle, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, nach bhfuil rún ar bith aici cur i gcoinne an ghnímh tarmligthe dá dtagraítear i bpointe 1 agus go gcuirfear agus go bhfuiltear leis an gCoimisiún agus Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas dá réir sin.
  5. Ciallaíonn sé sin, mura ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa agóid ina choinne, go bhfoilseofar an gníomh tarmligthe agus go dtiocfaidh sé i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 264(6) de Rialachán (AE) 2016/429 ('an Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe').
-